



**Ollscoil
Mhá Nuad**
Ollscoil na hÉireann
Má Nuad



An amhránaí tú?

An damhsóir tú?

An ceoltóir tú?

An aisteoir tú?

An scríbhneoir tú?

Taibhealaíona agus Traidisiúin Bhéil na Gaeilge

Sruth MA Nua-Ghaeilge do Scoláirí Cruthaitheacha

Scoláireacht an Oireachtais 2022

Bileog Eolais

***Deiseanna nua d'ealaíontóirí traidisiúnta agus
comhaimseartha na Gaeilge agus na
Gaeltachta***

Scoláireacht an Oireachtais 2022/23

Cúis mhór áthais dúinn is ea é go bhfuil scoláireacht nua i dtaibhealaíona na Gaeilge agus na Gaeltachta á cur ar fáil ag an Oireachtas don MA Nua-Ghaeilge in Ollscoil Mhá Nuad 2022/23. Is scoláireacht í seo do scoláirí a roghnaíonn an sruth nua MA i dTaibhealaíona agus i dTraidisiúin Bhéil na Gaeilge <https://tinyurl.com/2s4yenuh> go sonrach, an t-aon chúrsa MA lán-Ghaeilge sa tír inar féidir speisialtóireacht sa chleachtas cruthaitheach agus speisialtóireacht sa Ghaeilge a fhorbairt in éineacht. Is cúrsa é seo atá oiriúnach do réimse leathan ealaíontóirí traidisiúnta agus/nó comhaimseartha a bhíonn ag gníomhú trí mheán na Gaeilge – amhránaithe, ceoltóirí, damhsóirí, aisteoirí, scríbhneoirí, nó cleachtóirí ealaíonta eile, mar shampla. Is mian leis an Oireachtas an scoláireacht seo a chur ar fáil do chleachtóir traidisiúnta nó comhaimseartha den scoth a bheidh ag tabhairt faoin sruth máistreacht seo.

Scoláireacht amháin 3000 Euro a bheidh á cur ar fáil don bhliain acadúil 2022/23.

Treoir d'iarrthóirí:

1. Ní mór d'iarrthóirí don scoláireacht a bheith tar éis cur isteach ar an MA Nua-Ghaeilge cheana féin trí PAC (MHU50 Lánaimseartha, MHU51 Páirtaimseartha). Is é an sprioc d'iarratais don MA Nua-Ghaeilge ná an 15 Lúnasa 2022, ach is é an sprioc d'iarratais don scoláireacht ná 17 Lúnasa 2022.
2. Ní mór d'iarrthóirí a n-uimhir iarratais ó PAC a lua sa bhfoirm iarratais don scoláireacht chun go nglacfar leis an iarratas.
3. Ní mór d'iarrthóirí an t-iarratas a scríobh i nGaeilge
4. Ní mór d'iarrthóirí sampla dá saothar cruthaitheach a shíneadh isteach leis an iarratas, mar shampla triailfhíseán gearr níos lú ná 5 nóiméad ar fhaid, nó sampla de shaothar cruthaitheach eile, mar shampla píosa scríbhneoireachta cruthaithí nó eile. Glactar le healaíona Gaeilge/Gaeltachta de gach saghas – mar shampla an amhránaíocht, an ceol, an damhsa, an aisteoireacht, an fhilíocht, an scríbhneoireacht chruthaitheach, nó aon tsaghas taibhithe nó cleachtais eile.
5. Is trí fhoirm ar líne a líonadh isteach ag an nasc seo a leanas a chuirtear isteach ar an scoláireacht: <https://forms.office.com/r/CsXzMS8kwk>
6. Mar chuid de choinníollacha na scoláireachta, beidh ról ambasadóra don sruth MA Nua-Ghaeilge Taibhealaíona agus Traidisiúin Bhéil na Gaeilge ag an té ar an mbronnfar Scoláireacht an Oireachtais

Tuilleadh eolais: nua.ghaeilge@mu.ie . Tá lánfháilte roimh iarrthóirí dul i dteagmháil le Tríona Ní Shíocháin, Ollamh le Nua-Ghaeilge agus le Taibhealaíona, ag triona.nishiochain@mu.ie más mian leo aon ghné dá gcleachtas cruthaitheach a phlé léi nó má bhíonn aon cheist acu uirthi faoin scoláireacht nó faoin bpróiseas iontrála.

Bígí dána agus bígí linn!

Tuilleadh eolais: nua.ghaeilge@mu.ie
nó triona.nishiochain@mu.ie



**Ollscoil
Mhá Nuad**
Ollscoil na hÉireann
Má Nuad

